Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14405/23**

**LIMITE**

**CORLX 974**
**CFSP/PESC 1421**
**EPF AM 103**
**FIN 1072**
**COAFR 375**
**ACP 102**
**COPS 497**
**POLMIL 276**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667**
**maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta**
**chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána**
**don tréimhse 2022 go 2024**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2023, d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála moladh ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') maidir le gníomhaíocht chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta i gcoinne Boko Haram atá le maoiniú faoin mbeart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 arna bunú le Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle[1] ('an beart cúnaimh').

(2) An 7 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/510[2], lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2022/667, trí eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise, COGINTA, a chur ar liosta na n-eintiteas ar féidir leo gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt.

(3) An 18 Deireadh Fómhair 2023, d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála moladh ón Ardionadaí an t-oibreoir Francach, *Défense Conseil International* (*DCI Group*), a chur in ionad eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise, COGINTA, mar ghníomhaí cur chun feidhme do chuid den ghníomhaíocht chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta.

PUBLIC

---

1 Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle an 21 Aibreán 2022 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 (IO L 121, 22.4.2022, lch. 38).

2 Cinneadh (CBES) 2023/510 ón gComhairle an 7 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 (IO L 70, 8.3.2023, lch. 55).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart *DCI Group* a chur san áireamh ar liosta na n-eintiteas a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/667 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/667:

'IARSCRÍBHINN

Liosta d'aireachtaí, ranna rialtais agus comhlachtaí, agus gníomhaireachtaí eile dlí phoiblí de chuid na mBallstát, agus comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a tugadh ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh, a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt*:

— *Deutsche Gesellschaft für Internationale Zusammenarbeit*

— *Expertise France*

— *Défense Conseil International (DCI Group)*

Liosta na n-eintiteas neamhbhrabúis a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt:

— COGINTA

---

* Ní bhaineann an liosta seo ach leis an mbeart cúnaimh arna bhunú leis an gCinneadh seo, agus ní eisiatar leis an fhéidearthacht go bhféadfar eintitis eile a ainmniú do bhearta cúnaimh sa todhchaí, lena n-áirítear iad siúd atá i bhfoirm clár ginearálta.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC